2026/2070

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2070 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164 a mhéid a bhaineann le 2-clóireatánól

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tuaslagán uiscí clóiríde coilín agus ullmhóid arb é atá inti clóiríd choilín, údaraíodh iad mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164 ón gCoimisiún ([2]).

(2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164, sloinntear an leibhéal 2-clóireatánóil go mícheart toisc go gcomhfhreagraíonn an leibhéal a shloinntear do leibhéal an 2-clóireatánóil sna breiseáin lena mbaineann ach ní sa tsubstaint ghníomhach. Ina theannta sin, níor cheart don leibhéal tagairt do 2-clóireatánól ach don tsuim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clóireatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164 a cheartú dá réir.

(4) Chun ionchais dhlisteanacha oibreoirí gnólachtaí beatha a chaomhnú agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/164

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/164 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2026 maidir le húdarú tuaslagáin uiscí clóiríde coilín agus údarú ullmhóide arb é atá inti clóiríd choilín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 795/2013 (IO L, 2026/164, 27.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/164/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Feabhra 2026

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá dea-shainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu								
3a890i	Clóiríd choilín	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Tuaslagán uiscí ina bhfuil íosmhéid clóiríde coilín 74 % *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Clóiríd choilín $C_5H_{14}Cl{\cdot}NO$ Uimhir CAS: 67-48-1 Foirm sholadach arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach Critéir íonachta: íosmhéid 99 % ar bhonn ainhidriúil 2-clóireatánól: uasmhéid 40 mg/kg d'ocsaíd eitiléine ([1]) (suim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clóireatánól, arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine) *Modh anailíse* ([2]) Maidir le clóiríd choilín sa bhreiseán beathaithe, sna réamhmheascáin, sa bheatha chumaisc agus in uisce óil a chinneadh: crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta (IC-CD)	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Féadfar an breiseán a úsáid in uisce óil. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamhmheascán, déanfar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil a shonrú. 3. Ní cheadófar clóiríd choilín a úsáid go comhuaineach i mbeatha agus in uisce óil. 4. Léireofar an méid seo a leanas ar lipéadú beatha ina bhfuil clóiríd choilín le haghaidh éanlaith chlóis agus muc: 'Moltar gan dul thar na leibhéil fhorlíontacha 1 000 mg de chlóiríd choilín / kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh éanlaith chlóis agus muc.' 5. Léireofar an méid seo a leanas sna treoracha úsáide maidir le beatha ina bhfuil clóiríd choilín le haghaidh éanlaith chlóis nó muc: 'Ní cheadófar úsáid chomhuaineach le huisce óil ar cuireadh clóiríd choilín leis.'	an 16 Feabhra 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú.	

(1) Cé go sloinntear an leibhéal 40 mg mar ocsaíd eitiléine, tagraíonn sé do láithreacht 2-clóireatánóil mar eisíontas. Ceanglaítear leis an modh anailíse go ndéanfar 2-clóireatánól a shloinneadh ar an mbealach sin.
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá dea-shainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu								
3a890ii	Clóiríd choilín	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ullmhóid ina bhfuil íosmhéid clóiríde coilín 50 % Foirm sholadach	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Féadfar an breiseán a úsáid in uisce óil.	An 16 Feabhra 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Saintréithriú na substainte gníomhaí Clóiríd choilín $C_5H_{14}Cl{\cdot}NO$ Uimhir CAS: 67-48-1 Foirm sholadach arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach Critéir íonachta: íosmhéid 99 % ar bhonn ainhidriúil 2-clóireatánól: uasmhéid 40 mg/kg d'ocsaíd eitiléine ([1]) (suim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clóireatánól, arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine) *Modh anailíse* ([2]) Maidir le clóiríd choilín sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, sa bheatha chumaisc agus in uisce óil a chinneadh: crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta (IC-CD)					2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil a shonrú. 3. Ní cheadófar clóiríd choilín a úsáid go comhuaineach i mbeatha agus in uisce óil. 4. Léireofar an méid seo a leanas ar lipéadú beatha ina bhfuil clóiríd choilín le haghaidh éanlaith chlóis agus muc: 'Moltar gan dul thar na leibhéil fhorlíontacha 1 000 mg de chlóiríd choilín / kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh éanlaith chlóis agus muc.' 5. Léireofar an méid seo a leanas sna treoracha úsáide maidir le beatha ina bhfuil clóiríd choilín le haghaidh éanlaith chlóis nó muc: 'Ní cheadófar úsáid chomhuaineach le huisce óil ar cuireadh clóiríd choilín leis.'	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú.	

([1]) Cé go sloinntear an leibhéal 40 mg mar ocsaíd eitiléine, tagraíonn sé do láithreacht 2-clóireatánóil mar eisíontas. Ceanglaítear leis an modh anailíse go ndéanfar 2-clóireatánól a shloinneadh ar an mbealach sin.
([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2070/oj